SEANAD ÉIREANN

FOIRM AN RÁITIS LEASANNA INCHLÁRAITHE ATÁ LE COMHLÁNÚ DE RÉIR ALT 5 DEN ACHT UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ 1995 [ARNA LEASÚ LEIS AN ACHT UM CHAIGHDEÁIN IN OIFIGÍ POIBLÍ 2001].

Ainm:_____

Seoladh le haghaidh comhfhreagrais:_____

_____

_____

_____

Uimhir Theileafóin:

_____

An Tréimhse Chlárúcháin a chlúdaítear leis an ráiteas seo: 1 Eanáir go 31 Nollaig 2010.

NÓTAÍ FAISNÉISE

1. Is ceart an fhoirm seo, agus í sínithe go cuí, a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí tráth nach déanaí ná an **31 Eanáir, 2011**. TABHAIR DO D'AIRE, LE DO THOIL, GUR CEART DO CHOMHALTAÍ A bhFUIL TUAIRISCEÁN NIALAIS Á DHÉANAMH ACU É A CHUR CHUIG CLÉIREACH SHEANAD ÉIREANN FAOIN DÁTA SIN.

2. Is ceart do chomhaltaí, agus iad ag comhlánú na foirme seo, na treoirlínte a léamh a d'eisigh Roghchoiste Sheanad Éireann um Leasanna Comhaltaí, ar treoirlínte iad atá ar fáil ar www.oireachtas.ie.

3. Is ceart do shealbhóirí oifige, agus iad ag comhlánú na foirme seo, na treoirlínte a léamh a d'eisigh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, ar treoirlínte iad atá ar fáil ar www.sipo.gov.ie/en/guidelines/.

4. Ní cheanglaítear ar chomhaltaí méid nó luach airgid aon leasa a shonrú sa ráiteas seo.

5. Clúdaíonn an ráiteas leasanna inchláraithe seo aon tréimhse a chaith tú mar Chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas le linn na tréimhse 1 Eanáir 2010 go 31 Nollaig 2010.

6. Is ceart do chomhaltaí, de réir alt 12 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 [arna leasú leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001], aon cheist atá acu i dtaobh chomhlíonadh na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 a chur faoi bhráid Roghchoiste Sheanad Éireann um Leasanna Comhaltaí.

7. Is ceart do shealbhóirí oifige, de réir alt 25 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 [arna leasú leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001], aon cheist atá acu i dtaobh chomhlíonadh na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

8. Tá cóipeanna breise den fhoirm seo agus leagan Béarla di ar fáil, má tá siad ag teastáil, ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

CUID 1 - IONCAM Ó SHLÍ BHEATHA, ETC.

Comhlánaigh colúin (i) agus (ii) thíos maidir le haon trádáil, gairm, fostaíocht, ceird nó slí bheatha eile (s*eachas* mar shealbhóir oifige nó mar chomhalta) a bhfuair tú luach saothair ina leith agus a bhí agat fad a bhí tú i do chomhalta de cheachtar den dá Theach aon tráth le linn na tréimhse 1 Eanáir, 2010 go 31 Nollaig, 2010. Níl le clárú agat **ach** slí bheatha (lena n-áirítear slí bheatha mar thiarna talún) etc., ar mhó ná €2,600 an luach saothair uaithi sa tréimhse a luadh. Níl ceangal ort sonraí a thabhairt i dtaobh an méid iarbhír a bhí sa luach saothair sin.

(i) An cineál trádála, gairme, etc.	(ii) Ainm agus seoladh na háite óna seoltar an trádáil nó an ghairm, nó ainm agus seoladh an fhostóra	(iii) Faisnéis eile is dóigh leat a bheith ábhartha **(*Nóta*: Fút féin atá sé an colún seo a chomhlánú)**

CUID 2 – SCAIREANNA, ETC.

Comhlánaigh colúin (i) go (iii) thíos maidir le haon sealbhán scaireanna, bannaí, bintiúr nó aon sealbhán eile dá samhail, ar mhó a luach ainmniúil nó a margadhluach comhiomlán ná €13,000, a bhí agat in aon chuideachta nó fiontar nó gnóthas fad a bhí tú i do chomhalta de cheachtar den dá Theach le linn na tréimhse 1 Eanáir, 2010 go 31 Nollaig, 2010. Tabhair faoi deara *nach* n-áirítear i sealbhán aon airgead a bhí agat i gcuntas reatha nó taisce nó i gcuntas eile dá samhail le foras airgeadais. Níl ceangal ort luach iarbhír aon sealbháin a nochtadh.

(i) An cineál sealbháin (i.e. scaireanna, bannaí, bintiúr nó sealbhán eile dá samhail)	(ii) Ainm agus seoladh cláraithe na cuideachta, an fhiontair nó an ghnóthais, etc.	(iii) An cineál gnó	(iv) Faisnéis eile is dóigh leat a bheith ábhartha **(*Nóta*: Fút féin atá sé an colún seo a chomhlánú)**

CUID 3 - STIÚRTHÓIREACHTAÍ

Comhlánaigh colúin (i) go (iii) thíos maidir le gach stiúrthóireacht nó cúlstiúrthóireacht a bhí agat in aon chuideachta fad a bhí tú i do chomhalta de cheachtar den dá Theach aon tráth le linn na tréimhse 1 Eanáir, 2010 go 31 Nollaig, 2010.

(i) An cineál stiúrthóireachta (e.g. cathaoirleach, stiúrthóir feidhmiúcháin, stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin nó cúlstiúrthóir)	(ii) Ainm agus seoladh cláraithe na cuideachta ina raibh an stiúrthóireacht agat	(iii) An cineál gnó a sheolann an chuideachta	(iv) Faisnéis eile is dóigh leat a bheith ábhartha **(*Nóta*: Fút féin atá sé an colún seo a chomhlánú)**

CUID 4 - TALAMH (LENA nÁIRÍTEAR MAOIN)

Comhlánaigh colúin (i) agus (ii) thíos maidir le leas ar bith (lena n-áirítear leas ruílse nó leas léasach) a bhí agat i dtalamh fad a bhí tú i do chomhalta de cheachtar den dá Theach le linn na tréimhse 1 Eanáir, 2010 go 31 Nollaig, 2010, agus i gcás gur mhó luach an leasa sin ná €13,000. Folaíonn leas i dtalamh aon chonradh chun talamh a cheannach, bíodh nó ná bíodh éarlais nó páirt-íocaíocht tugtha faoin gconradh. Folaíonn sé freisin rogha a bhí agat chun talamh a cheannach, cibé acu a íocadh nó nár íocadh aon chomaoin i leith na rogha sin nó i gcás gur feidhmíodh an rogha sin ach nár tíolacadh an talamh duit. Mar eolas duit, folaíonn talamh talamh sa Stát agus talamh in aon dlínse eile agus ní mór ioncam cíosa ó thalamh is mó ná €2,600 sa tréimhse a luadh a dhearbhú ach ba chóir é a chlárú faoi Chuid 1 - Ioncam ó Shlí Bheatha. **Is ceart a thabhairt do d'aire nach bhfuil ceangal ort sonraí a nochtadh maidir le haon teach cónaithe príobháideach atá agat féin nó ag do chéile.**

(i) Seoladh na talún agus an acraíocht atá i gceist agus sonraí maidir le haon tithe cónaithe nach bhfuil eisiata.	(ii) An cuspóir atá le húsáid na talún nó na dtithe cónaithe sin (e.g. talamh coille, talamh feirme, á ligean etc.)	(iii) Faisnéis eile is dóigh leat a bheith ábhartha **(*Nóta*: Fút féin atá sé an colún seo a chomhlánú)**

CUID 5 - BRONNTANAIS

Comhlánaigh colúin (i) agus (ii) thíos maidir le haon bhronntanas nó bronntanais (is é sin, airgead nó maoin eile) ón duine céanna a tugadh duit fad a bhí tú i do chomhalta de cheachtar den dá Theach le linn na tréimhse 1 Eanáir, 2010 go 31 Nollaig, 2010, i gcás gur mhó ná €650 luach an bhronntanais nó luach comhiomlán na mbronntanas sin. Níl ceangal ort aon bhronntanais a nochtadh arna dtabhairt duit, ar chúiseanna pearsanta amháin, ag gaol nó cara leat féin, le do chéile, le do leanbh nó le leanbh do chéile, mura rud é go bhféadfadh glacadh an bhronntanais tionchar ábhartha a imirt ort i gcomhlíonadh d'fheidhmeanna mar chomhalta. Is ceart a thabhairt do d'aire nach bhfolaíonn an téarma "bronntanas" síntiús de réir bhrí an Achta Toghcháin 1997 (arna leasú).

(i) An cineál bronntanais nó bronntanas (lena n-áirítear an sórt bronntanais nó bronntanas agus cur síos air nó orthu)	(ii) Ainm agus seoladh an duine nó na cuideachta a thug an bronntanas nó na bronntanais sin duit	(iii) Faisnéis eile is dóigh leat a bheith ábhartha **(*Nóta*: Fút féin atá sé an colún seo a chomhlánú)**

CUID 6 - MAOIN A SOLÁTHRAÍODH NÓ A TUGADH AR IASACHT NÓ SEIRBHÍS A SOLÁTHRAÍODH

Comhlánaigh colúin (i) agus (ii) thíos maidir le maoin a soláthraíodh nó a tugadh ar iasacht duit nó le seirbhís a soláthraíodh duit, uair amháin nó níos mó ag an duine céanna, fad a bhí tú i do chomhalta de cheachtar den dá Theach, le linn na tréimhse 1 Eanáir, 2010 go 31 Nollaig, 2010, i gcás go raibh an chomaoin nó an praghas breis agus €650 níos lú ná an chomaoin nó an praghas tráchtála. Áirítear air sin maoin a tugadh ar iasacht nó seirbhís a soláthraíodh saor in aisce i gcás go mbeadh an chomaoin nó an praghas tráchtála níos mó ná €650. Níl ceangal ort nochtadh a dhéanamh maidir le maoin arna soláthar nó arna tabhairt ar iasacht duit, nó seirbhís arna soláthar duit (a) mar bhronntanas chun críocha pearsanta amháin, ag gaol nó cara leat féin, le do chéile, le do leanbh nó le leanbh do chéile mura rud é go bhféadfadh glacadh leis sin tionchar ábhartha a imirt ort i gcomhlíonadh d'fheidhmeanna mar chomhalta nó (b) ar seirbhís nó maoin í a dhearbhaítear gur síntiús í de réir bhrí an Achta Toghcháin 1997 (arna leasú).

(i)	(ii)	(iii)
An cineál agus an sórt maoine a soláthraíodh nó a tugadh ar iasacht duit nó an tseirbhís a soláthraíodh duit	Ainm agus seoladh an duine nó na cuideachta a rinne an mhaoin sin a sholáthar nó a thabhairt ar iasacht nó a sholáthair an tseirbhís sin.	Faisnéis eile is dóigh leat a bheith ábhartha **(*Nóta*: Fút féin atá sé an colún seo a chomhlánú)**

CUID 7 - SAORÁIDÍ TAISTIL

Comhlánaigh colúin (i) agus (ii) thíos maidir le saoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó fialacht a chuir an duine céanna ar fáil duit (uair amháin nó níos mó) lasmuigh den Stát fad a bhí tú i do chomhalta de cheachtar den dá Theach le linn na tréimhse 1 Eanáir, 2010 go 31 Nollaig, 2010, más rud é, i gur mhó ná €650 an praghas tráchtála nó an praghas tráchtála comhiomlán, gur soláthraíodh na saoráidí saor in aisce nó, mar mhalairt air sin, go raibh breis agus €650 de dhifríocht idir an praghas a íocadh agus an praghas tráchtála. Má cuireadh na saoráidí taistil etc. ar fáil le linn duit d'fheidhmeanna mar chomhalta a chomhlíonadh agus lena aghaidh sin, nó i gcúrsa agus chun críche aon trádála, gairme, fostaíochta nó slí beatha eile (seachas mar shealbhóir oifige) nó ón Aontas Idirpharlaiminteach (nó ó chomhlacht eile dá shamhail), ansin ní gá iad a nochtadh. Más gaol nó cara leat féin, le do chéile, le do leanbh nó le leanbh do chéile a sholáthair na saoráidí taistil, etc., mar bhronntanas ar chúiseanna pearsanta amháin, ansin ní gá iad a nochtadh mura rud é go bhféadfaí a mheas go réasúnach go bhféadfadh glacadh an chéanna tionchar a imirt ort i gcomhlíonadh d'fheidhmeanna mar chomhalta.

(i) An sórt saoráidí taistil, cóiríochta cónaithe, béilí nó fialachta	(ii) Ainm agus seoladh an duine nó na cuideachta a sholáthair na saoráidí taistil etc. duit	(iii) Faisnéis eile is dóigh leat a bheith ábhartha **(*Nóta*: Fút féin atá sé an colún seo a chomhlánú)**

CUID 8 - POST AR LUACH SAOTHAIR

Comhlánaigh colúin (i) agus (ii) thíos maidir le haon phost ar luach saothair a bhí agat mar stocaire, sainchomhairleoir nó comhairleoir polaitíochta nó gnóthaí poiblí fad a bhí tú i do chomhalta de cheachtar den dá Theach le linn na tréimhse 1 Eanáir, 2010 go 31 Nollaig, 2010.

(i) An cineál poist ar luach saothair a bhí agat (cibé acu mar stocaire, sainchomhairleoir nó comhairleoir polaitíochta nó gnóthaí poiblí)	(ii) Ainm agus seoladh an duine, na cuideachta nó na heagraíochta a raibh an post seo agat thar a cheann nó thar a ceann	(iii) Faisnéis eile is dóigh leat a bheith ábhartha **(*Nóta*: Fút féin atá sé an colún seo a chomhlánú)**

CUID 9 - CONARTHAÍ

Comhlánaigh colúin (i) go (iii) thíos maidir le haon chonradh nó conarthaí, ar mhó ná €6,500 a luach comhiomlán, chun earraí nó seirbhís a sholáthar d'Aire den Rialtas nó do chomhlacht poiblí, inar pháirtí tú nó ina raibh leas díreach nó neamhdhíreach agat ar bhealach ar bith eile fad a bhí tú i do chomhalta de cheachtar den dá Theach le linn na tréimhse 1 Eanáir, 2010 go 31 Nollaig, 2010.

(i)	(ii)	(iii)	(iv)
Cur síos ar an gconradh chun earraí nó seirbhís a sholáthar	Ainm agus seoladh an duine nó na cuideachta is mó a bhí freagrach as an gconradh sin	An tAire den Rialtas nó an comhlacht poiblí dá raibh na hearraí nó an tseirbhís sin le soláthar	Faisnéis eile is dóigh leat a bheith ábhartha **(*Nóta*: Fút féin atá sé an colún seo a chomhlánú)**

DEIMHNÍM LEIS SEO GO bhFUIL TUAIRISCEÁN CEART SAN FHOIRM SEO AR GACH LEAS DE MO CHUID AR LEAS É LENA mBAINEANN ALT 5 DEN ACHT UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ 1995, ARNA LEASÚ LEIS AN ACHT UM CHAIGHDEÁIN IN OIFIGÍ POIBLÍ 2001.

_____

(*SÍNIÚ*)

(*DÁTA*)

_____